Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 – Alt 179
RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 – Airteagal 81

FÓGRA DE CHUID AIRTEAGAL 81 DE CHUID 8 DE NA RIALACHÁIN THUAS ("na Rialacháin"), A BHAINEANN LE FORBAIRT ATÁ BEARTAÍTEAR AG COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

Ainm an Tionscadail: Teach Cónaithe (SI) Cruckakeehan, Anagaire, Co. Dhún na nGall

TABHAIR FAOI DEARA go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall ("an Chomhairle") an fhorbairt a shonraítear i mír (b) thíos a dhéanamh agus i leith sin:

(a) Tá suíomh na forbartha ar shuíomh a thaispeántar ar léarscáil de shuíomh an láithreáin atá ar áireamh sna pleananna agus sna sonraí dá dtagraítear i mír (e) thíos, agus tá an láithreán sin ar thailte suite go ginearálta go dtí Cruckakeehan, Anagaire, Co. Dhún na nGall.

(b) Is iad seo a leanas cineál agus réim na forbartha atá beartaithe: -

- **Teach cónaithe dhá stór (SI) a thógáil lena n-áirítear cóireáil fuíolluisce agus na hoibreacha forbartha suímh go léir a bhaineann leis ag Cruckakeehan, Anagaire Co. Dhún na nGall.**

Beidh na hoibreacha suímh choimhdeacha go léir suite laistigh de bhaile fearainn Cruckakeehan i gCeantar Bardasach na nGleanntach.

(c) Tá an fhorbairt atá beartaithe faoi thairseach chun críocha Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta ("MTT") de réir Airteagal 92 de na Rialacháin agus tá an Chomhairle tar éis cinneadh a dhéanamh ar bhonn Réamhscrúduithe ar nádúr, suíomh agus méid na forbartha atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 120(1)(b)(i) de agus ní dócha go mbeidh tionchar diúltach ar an chomhshaol ag eascairt as an fhorbairt atá beartaithe agus nach bhfuil gá le Measúnú Tionchair Timpeallachta ("EIA"). Beidh cóip den Réamhscrúdú agus den chonclúid seo ar fáil lena scrúdú nó lena cheannacht in éineacht leis na doiciméid dá dtagraítear in alt (e) thíos.

I gcás ina measann aon duine, áfach, gur dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an fhorbairt atá beartaithe ag an Chomhairle ar an chomhshaol, féadfaidh sé nó sí aon tráth roimh dheireadh 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo iarratas a dhéanamh faoi Airteagal 120(3)(b) de na Rialacháin chuig an Bhord Pleanála (64 Sráid Maoilbhríde, an Rotunda, Baile Átha Cliath 1, D01 V902) chun cinneadh scagtha a dhéanamh i dtaobh an dóigh go mbeadh tionchar den sórt sin ag an fhorbairt.

(d) D'fhonn a fháil amach an raibh Measúnú Cuí ("MC") ag teastáil ón fhorbairt atá beartaithe, rinne an Chomhairle scagadh i gcomhréir le hAirteagal 250(1) de na Rialacháin agus rinne sí cinneadh i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr go ndéanfaí an measúnú sin agus meastar nach mbeadh tionchar suntasach ag forbairt ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar shuíomh Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin agus nach raibh MC ag teastáil.

Beidh cóip den chinneadh seo lena n-áirítear na príomhchúiseanna agus na príomhchúinsí ar a raibh an cinneadh bunaithe ar fáil lena hiniúchadh nó lena ceannach in éineacht leis na doiciméid dá dtagraítear i mír (e) thíos.

I gcás ina measann aon duine, áfach, gur dócha go mbeadh éifeacht shuntasach ag an fhorbairt atá beartaithe atá le déanamh ag an Chomhairle ar Láithreán Eorpach, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh faoi Airteagal 250(3)(b) de na Rialacháin chuig an Bhord Pleanála. (64 Sráid Maoilbhríde, An Rotunda, Baile Átha Cliath 1, D01 V902) chun cinneadh a dhéanamh an dóigh go mbeadh éifeacht chomh suntasach sin ag an bhforbairt agus déanfaidh an Bord cinneadh ar an ábhar a luaithe is féidir. Ní mór d'aon iarratas ar chinneadh den sórt sin chun go mbreithneoidh an Bord é na cúiseanna a luadh gur dóigh go mbeadh tionchar suntasach ag an fhorbairt ar Shuíomh Eorpach.

(e) Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena n-iniúchadh ar líne ag www.donegalcoco.ie nó lena n-iniúchadh ag oifigí na Comhairle thíos agus le ceannach (ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh) ag:

Suíomh:	Seoladh:	Teileafón/ Ríomhphost:	Uaireanta Oscailte
Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith	Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath Co. Dhún na nGall, F94 WV84	Teil: 0749153900 Ríomhphost: housingcapital@donegalcoco.ie	9:00am – 12.30pm agus 1.00pm – 4.30pm Luan go hAoine

Beidh na pleananna agus na sonraí sin ar fáil lena n-iniúchadh **ó 18 Iúil 2024 – 16 Lúnasa 2024.**

(f) Féadfar aighneachtaí agus tuairimí maidir leis an fhorbairt atá beartaithe, ag déileáil le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina bhfuil an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Caipitil Tithíochta, Comhairle Contae Dhún na nGall, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear. F93 Y622 nó trí ríomhphost chuig housingcapital@donegalcoco.ie faoin Luan, 2 Meán Fómhair 2024 ag 4pm. **Cuir ainm an tionscadail ar aghaidh an chlúdaigh le do thoil de réir an sceidil thuas.**

John Gallagher

Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear. **Dáta: 18 Iúil 2024.**